# Comhairle Contae Chorcaí

## Scéimeanna Cistiúcháin Pobail na gCeantar Bardasach 2024

## Is é an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais chomhlánaithe ná 4in Dé Máirt, 13 Feabhra 2024

Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta do thacú le pobail áitiúla ar fud Chontae Chorcaí. Tá cúnamh airgeadais ar fáil trí na scéimeanna seo agus tá siad á riaradh ag na 8 gCeantar Bardasach i gContae Chorcaí.

Is féidir leat an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar na scéimeanna seo a leanas:

**1. Scéim an Chiste Chaipitil** – do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus áitiúla i gContae Chorcaí ar mian leo tabhairt faoi **thionscadail bhonneagair a chosnaíonn os cionn €20,000**, a fheabhsóidh raon nó cáilíocht na n-áiseanna pobalbhunaithe laistigh dá gceantar m.sh. hallaí pobail, áiseanna spóirt, srl. (Tuilleadh Sonraí ar leathanaigh 3 - 5 den doiciméad seo)

**2. Scéim na gConarthaí Pobail** - do ghrúpaí Bailte Slachtmhara a oibríonn le Comhairle Contae Chorcaí ar oibreacha agus tionscadail áitiúla, aontaithe leis an Oifigeach Ceantair Bhardasaigh agus leis an Innealtóir Ceantair áitiúil a chuireann leis an gceantar ina bhfuil an grúpa gníomhach. Maidir leis an gConradh Pobail moltar go láidir duit dul i dteagmháil le d'Innealtóir Ceantair agus d'Oifigeach Ceantair Bhardasaigh chun do thograí a phlé sula ndéanann tú iarratas. (Tá tuilleadh sonraí ar leathanaigh 6 - 7 den doiciméad seo)

**3. Scéim an Chiste Taitneamhachta** - do ghrúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus áitiúla i gContae Chorcaí ar mian leo tabhairt faoi thionscadail nó trealamh a cheannach a théann chun leasa pobail go díreach agus a fhreastalaíonn ar riachtanais ar leith. Ní mór **costas níos lú ná €20,000** a bheith ar thionscadail a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu faoin scéim seo (sonraí breise ar 8 - 11 den doiciméad seo)

| |
|---|
| Cinntigh le do thoil go bhfuil na treoirlínte ar eolas agat sula dtosaíonn tú ag líonadh na foirme seo.<br>Bíonn an-suim sa scéim seo gach bliain ón iliomad grúpaí pobail agus deonacha ar fud Chontae Chorcaí. Ar an gcúis seo, ní féidir linn ach measúnú a dhéanamh ar fhoirmeacha iarratais atá comhlánaithe go hiomlán. Ní bhreithneofar foirmeacha iarratais neamhiomlána le haghaidh maoinithe. |

**Creat Scórála - Scéimeanna Chiste Pobail na gCeantar Bardasach 2024**

Chun a chinntiú go bhfuil na tograí rathúla ar ardchaighdeán, cuirfear an creat scórála thíos i bhfeidhm ar gach iarratas a chomhlíonann riachtanais incháilitheachta ginearálta gach Scéime.

| Critéir Roghnúcháin | Achoimre Mhionsonraithe |
|---|---|
| **Acmhainneacht Forbartha Sóisialta / Eacnamaíochta** | • An áiríonn an tionscadal gníomhaíochtaí a bhfuil tionchair shóisialta / eacnamaíocha dearfacha soiléire acu?<br>• An bhfuil an tionscadal ag teacht le cláir agus cuspóirí eile de chuid Chomhairle Contae Chorcaí nó an Rialtais?<br>• An gcuireann an togra luach le tionscnaimh reatha? |
| **Nádúr straitéiseach an togra agus comhleanúnachas le pleananna ceantair áitiúil** | • Cén fhianaise atá ann go bhfuil an togra ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí na bpleananna ceantair áitiúil / an Phlean Forbartha Contae / pleananna áitiúla neamhreachtúla eile?<br>• Ar lorgaíodh ionchur ó leasanna pobail agus/nó gnó áitiúla eile don iarratas? |
| **Léiriú ar riachtanas agus acmhainneacht** | An bhfuil ráiteas soiléir sa togra ar na riachtanais aitheanta agus ar an difríocht a dhéanfaidh a dtionscadal don phobal?<br>• An dtugann an plean gníomhaíochta atá beartaithe aghaidh ar na riachtanais a aithníodh?<br>• An léiríonn an togra rannpháirtíocht le leasanna pobail agus/nó gnó áitiúla eile i bhfoirmiú an togra tionscadail? |
| **Nádúr réalaíoch an togra?** | An bhfuil sraith shoiléir aschuir agus torthaí sainithe san áireamh sa togra?<br>• Ar sainaithníodh meicníocht seachadta?<br>• An bhfuil próiseas i bhfeidhm chun torthaí agus tionchar an togra a thomhas thar am?<br>• An bhfuil plean ann do chothabháil an togra amach anseo (más cuí) |
| **Luach ar Airgead** | A mhéid is atá na tionscadail soiléir agus ina bhfuil spriocanna, costáil agus scálaí ama réadúil.<br>• Réasúnaíocht shoiléir leis na costais a iarrtar.<br>• Éifeachtúlacht costais an togra maidir le leibhéal, raon agus cáilíocht an aschuir agus na dtorthaí atá le seachadadh. |

**Tá na critéir incháilitheachta do gach ceann de na trí scéim leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas:**


1. Scéim an Chiste Chaipitil (Lch 3 – 5)

2. Scéim na gConarthaí Pobail (Lch 6 – 7)

3. Scéim an Chiste Taitneamhachta (Lch 8 – 11)

## 1. Scéim an Chiste Chaipitil

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla i gContae Chorcaí ar mian leo tabhairt faoi **thionscadail infreastruchtúir a chosnaíonn os cionn €20,000** a fheabhsóidh raon agus/nó cáilíocht na n-áiseanna pobalbhunaithe laistigh dá gceantar. Ba cheart dul chun cinn maith a dhéanamh ar fhorbairt an tionscadail sula gcuirtear aon iarratas isteach. Má theastaíonn Cead Pleanála, ní mór é a fháil **sula ndéanann tú iarratas ar an gciste** seo. Tabharfar tosaíocht do thionscadail ina bhfuil na hiarratasóirí in ann tús a chur le hoibreacha.

| ✓ Tograí Incháilithe | ✗ Tograí Neamh-Incháilithe |
|---|---|
| **Áiseanna nua** do phobail, eagraíochtaí agus clubanna áitiúla spóirt – go háirithe iad siúd a thacaíonn leis an óige, daoine scothaosta, agus le forbairt & tacaíocht d'iarracht pobail & deonach inbhuanaithe. | Talamh nó saoráidí a cheannach |
| | Costais reatha tionscadal nó áiseanna (m.sh. pá, leictreachas srl.) |
| | Áit a bhfuil foinsí maoinithe eile ar fáil go soiléir |
| | Traenáil |
| **Feabhsuithe ar na háiseanna atá ann cheana féin** do phobail, eagraíochtaí agus clubanna áitiúla spóirt – go háirithe iad siúd a thacaíonn leis an óige, daoine scothaosta, agus le forbairt & tacaíocht d'iarracht pobail & deonach inbhuanaithe. | Seirbhísiú ar fhiachas |
| | Achainíocha ginearálta |
| | Tograí atá in iomaíocht le tionscadail dá leithéid a reáchtáiltear go príobháideach, a fhreastalaíonn ar an limistéar/margadh céanna. |
| | Forbairtí atá faoi chúram Ranna Rialtais m.sh. An Roinn Oideachais, An Roinn Sláinte. |

### 1.1 Leibhéil tacaíochta

| | |
|---|---|
| Ciste Caipitil Íosta | Is €10, 000 é an ranníocaíocht íosta is féidir le Comhairle Contae Chorcaí a thairiscint<br>Ní féidir le ranníocaíocht na Comhairle dul thar 50% de chostas iomlán an tionscadail. |
| Ní mór d'iarratasóirí roinnt maoiniú meaitseála áitiúil a ghiniúint agus ní mór dóibh a léiriú gur féidir leo an tionscadal a mhaoiniú go dtí go gcríochnófar é. Tá fianaise de seo ag teastáil agus ní íocfar ranníocaíocht na Comhairle ach amháin nuair a bheidh an tionscadal nó an togra críochnaithe ina iomláine. | |

### 1.2 Beidh ort na doiciméid tacaíochta seo a leanas a chur isteach le d'fhoirm iarratais

• Ní mór do'd thograí cloí leis na ceanglais uile maidir le Pleanáil, Rialacháin Fhoirgníochta, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cóid Dóiteáin más infheidhme. Ní mór fianaise ar chomhlíonadh a chur isteach nuair is infheidhme.

• Ní mór d’iarratasóirí roinnt maoiniú meaitseála áitiúil a ghiniúint agus ní mór dóibh fianaise a sholáthar ar a sheasamh airgeadais. (Mar shampla, Ráitis Bhainc nó Comhar Creidmheasa)

• Ní mór d'iarratasóirí a gcumas a léiriú chun aon áis a bhaineann lena dtogra a bhainistiú.

• Nuair a mholtar tionscadail chaipitil shuntasacha, beidh orainn deimhniú go bhfuil an maoiniú riachtanach **ar fad** faighte. Mar shampla, litreacha tairisceana, ráitis bhainc nó comhar creidmheasa, cuntais airgeadais.

• Ní mór fianaise ar theideal don láithreán nó don áitreabh agus fianaise go bhfuil gach cead reachtúil agus eile atá riachtanach a chur isteach leis an iarratas. (Mar shampla, cóip de chomhaontú léasa, gníomhais teidil srl.)

| |
|---|
| Ní mór d’iarratasóirí rathúla glacadh le ranníocaíochtaí ón gCiste Pobail **laistigh d’ocht mí dhéag** ón dáta a chuireann an Chomhairle in iúl dóibh faoina leithdháileadh. |

**1.3 Coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfaidh an Chomhairle a híocaíocht don togra a cheadú**

• Ní íocfar ranníocaíocht na Comhairle go dtí go mbeidh do thogra curtha i gcrích go hiomlán. Déanfaidh an Chomhairle cigireacht ar gach togra / tionscadal nuair a bheidh sé críochnaithe.

• Ní mór sonraisc agus admhálacha íoctha a chomhfhreagraíonn do chostas iomlán an tionscadail a chur isteach sula bhféadfaidh an Chomhairle an ranníocaíocht cheadaithe a íoc.

• Ní féidir ranníocaíocht ciste a íoc sa chás go bhfuil riaráistí rátaí ar an eagraíocht iarrthach.

• Ní mór aon athruithe ar an togra (ón méid a cuireadh síos sa bhuniarratas) a chomhaontú i scríbhinn leis an gComhairle sula dtosnaítear ar an obair. **D’fhéadfadh go gcuirfí íocaíocht ranníocaíochta na Comhairle i mbaol mura ndéantar amhlaidh.**

• Sa chás go bhfuil do chostais iarbhír tabhaithe ar chríochnú an tionscadail níos lú ná mar a measadh ar dtús agus go gciallódh an laghdú seo go mbeadh ranníocaíocht na Comhairle níos mó ná 50% den chostas iomlán, laghdófar ranníocaíocht na Comhairle go 50% den **chostas iarbhír**.

• Má dhíolann an eagraíocht iarrthach an fhorbairt nó an tsaoráid ar bhrabús laistigh de chúig bliana ó dháta íoctha ranníocaíocht na Comhairle, iarrfaidh an Chomhairle go n-aisíocfar aon ranníocaíochtaí a íocadh as fáltais an díola.

• Ba chóir go mbeadh na háiseanna a sholáthrófar ar fáil go ginearálta le húsáid agus chun tairbhiú an phobail i gcoitinne nó le grúpaí ar leith ag gach tráth réasúnta saor in aisce nó faoi réir táillí measartha.

**1.4 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach**

• Ceanglaítear ar iarratasóirí a chinntiú go bhfuil siad cáin-chomhlíontach. Ní mór an fhaisnéis ábhartha a chur isteach nuair a bhíonn an t-iarratasóir ag iarraidh an ranníocaíocht cheadaithe a tharraingt anuas, ar mhaithe le comhlíonadh cánach a sheiceáil. D'fhéadfadh go leor comhlachtaí spóirt a bheith díolmhaithe ó cháin faoi Alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, agus mar sin ní bheidh imréiteach cánach riachtanach sna cásanna seo. Tá grúpaí na mBailte Slachtmhara díolmhaithe freisin.

• Sa chás nach bhfuil iarratasóir cláraithe le haghaidh CBL, bronnaimid ranníocaíocht bunaithe ar chostas le CBL san áireamh.

**1.5 Árachas / Slánaíocht**

• Caithfidh gach foirgneamh a bheith clúdaithe ag polasaí árachais dóiteáin, a shlánaíonn Comhairle Contae Chorcaí go hiomlán.

• Beidh ar iarratasóirí an Chomhairle a shlánú in aghaidh gach éileamh a d'eascródh as a rannpháirtíocht sa tionscadal.

• Ba cheart go mbeadh Árachas Dliteanais Phoiblí cuí ag iarratasóirí agus, nuair is gá, Árachas Dliteanais Fostóra agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil leibhéal clúdach imleor ag aon chonraitheoir atá fostaithe acu.

• Cé nach bhfuil cóipeanna de na hárachais seo ag teastáil ón gComhairle, ní dhíolmhaíonn sé seo na gnólachtaí ná na hiarratasóirí óna riachtanais árachais, ná ní dhíolmhaíonn sé faighteoirí an Chiste óna bhfreagracht a chinntiú go bhfuil árachas leordhóthanach ag na hoibreacha agus na grúpaí/gnólachtaí a dhéanann na hoibreacha.

## 2. Scéim na gConarthaí Pobail

Is deis é an Conradh Pobail do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara oibriú le Comhairle Contae Chorcaí ar oibreacha agus tionscadail áitiúla - aontaithe leis an Oifigeach Ceantair Bhardasaigh agus an tInnealtóir Ceantair áitiúil - a fheabhsaíonn an ceantar ina bhfuil an grúpa gníomhach. Go ginearálta, bheadh oibreacha de chineál athfhillteach, mar chothabháil ar spásanna oscailte, feabhsúcháin chomhshaoil agus bailiú bruscair. Breathnófar freisin ar thionscadail a bhfuil feabhsú aonuaire i gceist leo nach bhféadfaí tabhairt fúthu gan roinnt maoinithe bhreise.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil an Scéim Conarthaí Pobail oiriúnach do thionscadail bhonneagair mhóra.**

Is minic go mbíonn tograí uathúla i gceist le conarthaí pobail agus a chuireann riachtanais agus tosaíochtaí pobail áitiúla san áireamh. Ar an gcúis seo, moltar go láidir duit dul i dteagmháil le d'Innealtóir Ceantair agus d'Oifig Ceantair Bhardasaigh chun do thograí a phlé sula gcuireann tú iarratas isteach. Ba cheart duit smaoineamh freisin ar theagmháil a dhéanamh nó bualadh le Grúpaí a bhfuil Conarthaí Pobail déanta acu cheana féin chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil i gceist le conradh a dhéanamh.

### 2.1 Leibhéil tacaíochta

<table>
<tr><td>Íos-chonradh Pobail</td><td>Ní bheidh íosluach aon chonartha níos lú ná €1,500</td></tr>
<tr><td>Uas-chonradh Pobail</td><td>Ní sháróidh uasluach aon chonartha €20,000</td></tr>
<tr><td colspan="2">• Braithfidh leibhéal na tacaíochta a bheidh ar fáil faoin Scéim seo ar raon tosca, lena n-áirítear an cineál oibreacha/tionscadal, infhaighteacht foinsí maoinithe eile, agus líon iomlán na n-iarratas a lorgaíonn maoiniú faoin Scéim.<br><br>• Is faoi rogha na Comhairle a bheidh na méideanna a bhronnfar. Cuirfear na hoibreacha/tionscadal cáilitheach atá beartaithe agus cumas an ghrúpa na hoibreacha/tionscadal atá beartaithe a thabhairt chun críche san áireamh .<br><br>• Tuigeann an Chomhairle go bhféadfadh go mbeadh grúpaí nua go háirithe ag iarraidh dul i mbun conarthaí níos lú ar dtús chun a láithreacht a bhunú agus luach na Scéime a léiriú laistigh dá gceantar.</td></tr>
</table>

Ní mór d'iarratasóirí rathúla glacadh le ranníocaíochtaí Conartha Pobail **faoin 31 Nollaig den bhliain ina leithdháiltear an t-airgead.**

**2.2 Coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfaidh an Chomhairle íocaíocht a cheadú faoi Scéim na gConarthaí Pobail**

• Déanfaidh an Chomhairle iniúchadh tréimhsiúil ar na hoibreacha agus caithfidh siad a bheith deimhnithe ag an Innealtóir ceantair le linn ré an chonartha.

• Nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe chun sástacht an Innealtóra Ceantair íocfar an méid a bronnadh.

• Féadfar íocaíochtaí a íoc i dtráthchodanna nuair is cuí.

**2.3 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach**

• Sa chás go bhfuil an méid bronnta níos mó ná **€10,000** beidh gá le deimhniú imréitigh cánach reatha ó na Coimisinéirí Ioncaim nuair a bhíonn an t-iarratasóir ag iarraidh tarraingt anuas na ranníocaíochta ceadaithe. D’fhéadfadh go leor comhlachtaí spóirt a bheith díolmhaithe ó cháin faoi Alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, agus mar sin ní bheidh imréiteach cánach riachtanach sna cásanna seo. Tá grúpaí na mBailte Slachtmhara díolmhaithe freisin.

• Sa chás nach bhfuil iarratasóir cláraithe le haghaidh CBL, bronnaimid ranníocaíocht bunaithe ar chostas le CBL san áireamh.

**2.4 Árachas / Slánaíocht**

• Caithfidh gach foirgneamh a bheith clúdaithe ag polasaí árachais dóiteáin, a shlánaíonn Comhairle Contae Chorcaí go hiomlán.

• Beidh ar iarratasóirí an Chomhairle a shlánú in aghaidh gach éileamh a d'eascródh as a rannpháirtíocht sa tionscadal.

• Ba cheart go mbeadh Árachas Dliteanais Phoiblí cuí ag iarratasóirí agus, nuair is gá, Árachas Dliteanais Fostóra agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil leibhéal clúdach imleor ag aon chonraitheoir atá fostaithe acu.

• Cé nach bhfuil cóipeanna de na hárachais seo ag teastáil ón gComhairle, ní dhíolmhaíonn sé seo na gnólachtaí ná na hiarratasóirí óna riachtanais árachais, ná ní dhíolmhaíonn sé faighteoirí an Chiste óna bhfreagracht a chinntiú go bhfuil árachas leordhóthanach ag na hoibreacha agus na grúpaí/gnólachtaí a dhéanann na hoibreacha.

## 3. Scéim an Chiste Taitneamhachta

Is é aidhm na scéime seo ná tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla trí thionscadail a pháirtmhaoiniú. Caithfidh an **costas iomlán do thionscadal faoin Scéim seo a bheith níos lú ná €20,000**. Ní mór d'iarratais ar Chiste Taitneamhachta rathúla a thaispeáint conas a rachaidh a dtionscadal chun tairbhe dhíreach do phobail agus conas a fhreastalóidh sé ar riachtanais ar leith. Caithfear cleachtais fhónta forbartha pobail a úsáid i ngach tionscadal. Is fearr leis an gComhairle tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí a bhfuil na scileanna agus an cumas acu tograí a chur i bhfeidhm chomh maith le grúpaí a léiríonn maoiniú áitiúil, tiomantas ama nó ionchur úsáideacha eile.

**Cé gur féidir an Ciste Taitneamhachta a chomhcheangal le deontais eile ní mór don Chomhairle tacaíocht maoinithe ó ghníomhaireachtaí rialtais nó stáit eile a thógaint san áireamh**. Braitheann méid na ranníocaíochta ciste do gach tionscadal rathúil ar an gcineál tionscadail agus ar an éileamh foriomlán ar mhaoiniú chomh maith le foinsí maoinithe eile agus ar chumas an ghrúpa nó an chlub an tionscadal atá beartaithe a sheachadadh.

### 3.1 Tograí Incháilithe

| ✓ **Samplaí de Thograí Incháilithe** | ✗ **Samplaí de Thograí Neamh-Incháilithe** |
|---|---|
| Tionscadail na mBailte Slachtmhara | Eagraíochtaí a fuair Maoiniú Taitneamhachta ó Chomhairle Contae Chorcaí le 3 bliana as a chéile. (Eisceachtaí: Coistí na mBailte Slachtmhara agus Eagraithe na Féile) |
| Féilte | Grúpaí nó eagraíochtaí atá ag fáil maoinithe cheana féin ó FSS nó ón Roinn Oideachais. |
| Feabhsuithe ar áiseanna áitiúla (m.sh. cosáin, páirceanna, spásanna oscailte, sráid-dreacha) | Tionscadail atá molta a fuair maoiniú ó Chomhairle Contae Chorcaí cheana féin sa bhliain reatha. |
| Ceannach trealaimh | Grúpaí nó eagraíochtaí atá ag fáil maoinithe cheana féin ó FSS nó ón Roinn Oideachais. |
| Saoráidí a thógáil, nó feabhsúcháin ar shaoráidí atá ann cheana féin | Tionscadail tráchtála. |
| Tírdhreachú | Tograí ó dhaoine aonair. |
| Comharthaíocht | Tionscadail a théann in iomaíocht go díreach le tionscadail atá á reáchtáil go príobháideach sa phobal céanna. |

### 3.2 Leibhéil tacaíochta

<table>
<tr><td>Íos-Ranníocaíocht Chiste Taitneamhachta do thionscadail ar chostas €7,000 nó níos lú</td><td>€5,000 nó 75% de chostas iomlán an tionscadail; cibé acu is lú.</td></tr>
<tr><td>Uas-Ranníocaíocht Chiste Taitneamhachta do thionscadail a chosnaíonn idir €7,000 - €20,000</td><td>€5,000 nó 50% de chostas an tionscadail cibé acu is mó.</td></tr>
<tr><td colspan="2">• Braithfidh leibhéal na tacaíochta a bheidh ar fáil faoin Scéim ar raon tosca, lena n-áirítear an cineál oibreacha/togra, infhaighteacht foinsí maoinithe eile, agus líon iomlán na n-iarratas a lorgaíonn maoiniú faoin Scéim.<br><br>• Is faoi rogha na Comhairle a bheidh na méideanna a bhronnfar agus cuirfear na hoibreacha/tionscadal cáilitheach atá beartaithe agus cumas an ghrúpa na hoibreacha/tionscadal atá beartaithe a thabhairt chun críche san áireamh.<br><br>• Ní féidir leis an gComhairle ranníocaíochtaí níos mó ná €3,800 a bhronnadh ach amháin nuair is eintiteas dleathach an grúpa mar chuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí, Comharchumann nó Cara-Chumann, Iontaobhaithe. Is féidir gníomhas cúnaint a shíniú más gá.<br><br>• Mar gheall ar an éileamh ar an gCiste is gnách go mbíonn an méid a leithdháiltear ar aon tionscadal i bhfad níos lú ná an t-uasmhéid féidearthach. Ba cheart d’iarratasóirí é seo a chur san áireamh agus a n-iarratas á ullmhú lena chinntiú go bhfuil dóthain airgid acu le freastal ar níos mó ná 25% nó 50% de chostas iomlán an tionscadail.</td></tr>
</table>

### 3.3 Beidh ort na doiciméid tacaíochta seo a leanas a chur isteach le d’fhoirm iarratais

• Ní mór do'd thograí cloí leis na ceanglais uile maidir le Pleanáil, Rialacháin Fhoirgníochta, Sláinte agus Sábháilteacht, agus Cóid Dóiteáin más infheidhme. Ní mór fianaise ar chomhlíonadh a chur isteach nuair is infheidhme.

• Ní mór d’iarratasóirí roinnt maoiniú meaitseála áitiúil a ghiniúint agus ní mór dóibh fianaise a sholáthar ar a sheasamh airgeadais. (Mar shampla, Ráitis Bhainc nó Comhar Creidmheasa). Má theipeann ort an fhianaise seo a thabhairt, féadfar d’iarratas a chur ar ais chugat gan measúnú déanta air.

• Ní mór d'iarratasóirí a gcumas a léiriú chun aon áis a bhaineann lena dtogra a bhainistiú.

• Ní mór fianaise ar theideal don láithreán nó don áitreabh agus fianaise go bhfuil gach cead reachtúil agus eile atá riachtanach a chur isteach leis an iarratas. (Mar shampla, cóip de chomhaontú léasa, gníomhais teidil srl.)

**3.4 Coinníollacha nach mór a chomhlíonadh sula bhféadfaidh an Chomhairle a híocaíocht don togra a cheadú**

- Ní íocfar ranníocaíocht na Comhairle go dtí go mbeidh do thogra curtha i gcrích go hiomlán. Déanfaidh an Chomhairle cigireacht ar gach togra / tionscadal nuair a bheidh sé críochnaithe.

- Ní mór sonraisc agus admhálacha íoctha a chomhfhreagraíonn do chostas iomlán an tionscadail a chur isteach sula bhféadfaidh an Chomhairle an ranníocaíocht cheadaithe a íoc.

- Ní féidir ranníocaíocht ciste a íoc sa chás go bhfuil riaráistí rátaí ar an eagraíocht iarrthach.

- Ní mór aon athruithe ar an togra (ón méid a cuireadh síos sa bhuniarratas) a chomhaontú i scríbhinn leis an gComhairle sula dtosnaítear ar an obair. **D'fhéadfadh go gcuirfí íocaíocht ranníocaíochta na Comhairle i mbaol mura ndéantar amhlaidh.**

- Sa chás go bhfuil do chostais iarbhír tabhaithe ar chríochnú an tionscadail níos lú ná mar a measadh ar dtús agus go gciallódh laghdú dá leithéid go mbeadh ranníocaíocht na Comhairle níos mó ná 50% nó 75% den chostas iomlán (mar atá leagtha amach san fhaomhadh) laghdófar an ranníocaíocht go dtí an % cuí den chostas iarbhír.

- Má dhíolann an eagraíocht iarrthach an fhorbairt nó an tsaoráid ar bhrabús laistigh de chúig bliana ó dháta íoctha ranníocaíocht na Comhairle, iarrfaidh an Chomhairle go n-aisíocfar aon ranníocaíochtaí a íocadh as fáltais an díola.

- Ba chóir go mbeadh na háiseanna a sholáthrófar ar fáil go ginearálta le húsáid agus chun tairbhiú an phobail i gcoitinne nó le grúpaí ar leith ag gach tráth réasúnta saor in aisce nó faoi réir táillí measartha.

- Ní dhéanfar aon leithdháileadh breise sa chás go sáraíonn costas an tionscadail an meastachán bunaidh.

**3.5 Nósanna Imeachta Imréitigh Cánach**

• Sa chás go bhfuil an méid bronnta níos mó ná **€10,000** beidh gá le deimhniú imréitigh cánach reatha ó na Coimisinéirí Ioncaim nuair a bhíonn an t-iarratasóir ag iarraidh an ranníocaíocht cheadaithe a tharraingt anuas. D'fhéadfadh go leor comhlachtaí spóirt a bheith díolmhaithe ó cháin faoi Alt 235 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, agus mar sin ní bheidh imréiteach cánach riachtanach sna cásanna seo. Tá grúpaí na mBailte Slachtmhara díolmhaithe freisin.

• Sa chás nach bhfuil iarratasóir cláraithe le haghaidh CBL, bronnaimid ranníocaíocht bunaithe ar chostas le CBL san áireamh.

### 3.6 Árachas / Slánaíocht

• Caithfidh gach foirgneamh a bheith clúdaithe ag polasaí árachais dóiteáin, a shlánaíonn Comhairle Contae Chorcaí go hiomlán.

• Beidh ar iarratasóirí an Chomhairle a shlánú in aghaidh gach éileamh a d'eascródh as a rannpháirtíocht sa tionscadal.

• Ba cheart go mbeadh Árachas Dliteanais Phoiblí cuí ag iarratasóirí agus, nuair is gá, Árachas Dliteanais Fostóra agus ba chóir dóibh a chinntiú go bhfuil leibhéal clúdach imleor ag aon chonraitheoir atá fostaithe acu.

• Cé nach bhfuil cóipeanna de na hárachais seo ag teastáil ón gComhairle, ní dhíolmhaíonn sé seo na gnólachtaí ná na hiarratasóirí óna riachtanais árachais, ná ní dhíolmhaíonn sé faighteoirí an Chiste óna bhfreagracht a chinntiú go bhfuil árachas leordhóthanach ag na hoibreacha agus na grúpaí/gnólachtaí a dhéanann na hoibreacha.

Ní mór d’iarratasóirí rathúla glacadh le ranníocaíochtaí ón gCiste Taitneamhachta **laistigh de dhá mhí dhéag** ón dáta a chuireann an Chomhairle in iúl dóibh faoina leithdháileadh.

---

Scéimeanna Cistiúcháin Pobail na gCeantar Bardasach 2024 - Cásanna Eisceachtúla

I gcúinsí eisceachtúla féadfar uasluach an tionscadail agus an ranníocaíocht ciste iníoctha a athrú le comhaontú an Oifigigh Ceantair Bhardasaigh agus an Stiúrthóir Seirbhísí agus/nó an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

**Is é an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais ná 4in Dé Máirt, 13 Feabhra 2024**

## Scéimeanna Cistiúcháin Pobail na gCeantar Bardasach

## Sonraí Teagmhála

Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí

Halla an Bhaile, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí

Teil: (025) 31155

R-Phost: fermoymd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thoir,

The Lodge, Bóthar Eochaille,

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thoir, Co. Chorcaí

Teil: (021) 4631580

R-Phost: eastcorkmd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach an Chóibh,

Teach an Charraig, An Cóbh, Co. Chorcaí

Teil: (021) 4811307

R-Phost: cobhmd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin, Urlár 5,

Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin,

Corcaigh

Teil: (021) 4285161

R-Phost: carrigalinemd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile

Halla an Bhaile, Cionn tSáile, Co. Chorcaí

Teil: (021) 4772154

R-Phost: bandonkinsalemd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thiar,

Teach na Cúirte, An Sciobairín, Co. Chorcaí

Teil: (028) 21299

R-Phost: westcorkmd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha,

Halla an Bhaile, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí

Teil: (026) 41545

R-Phost: macroommd@corkcoco.ie

Ceantar Bardasach Cheann Toirc-Mhala,

Annabella, Mala, Co. Chorcaí

Teil: (029) 50040

R-Phost: kanturkmallowmd@corkcoco.ie